Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1870

15.9.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1870 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12 Meán Fómhair 2025**

**lena gceartaítear an leagan Polainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2174 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid na lipéad le haghaidh táirgí agus trealamh áirithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(17) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Polainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2174 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Airteagal 1(11) a mhéid a bhaineann le húsáid an mhodha chun faisnéis a sholáthar a leagtar síos i mír 10 den Airteagal sin. Leis an earráid, déantar brí na forála a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Polainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2174 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Ós rud é, leis an gceartú, nach mbeadh aon cheart á mbaint ná nach bhforchuirfí aon oibleagáid go gníomhach agus i bhfianaise an leasa uileghabhálaigh chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais a chosaint, is iomchuí go dtiocfaidh an ceartúchán chun bheith infheidhme ar dháta chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2174.

(4) Tá na bearta dá ndéantar foráil sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe a tugadh roimh ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2174,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

---

([1]) IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2174 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid na lipéad le haghaidh táirgí agus trealamh áirithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2068 ón gCoimisiún (IO L, 2024/2174, 3.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2174/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN